Guth Ghoill

Luach € 2.00

# I gCoscéim Cholmcille



Seo thuas pictiúr a glacadh ag an oíche speisialta a bhí againn in Óstán na Trá, na Dúnaibh ar an Mháirt, 28 Iúil nuair a chuir Feis Cheann Loch Goibhle as Albain, i gcuideachta le healaíontóirí ó Ghaeltacht Dhún na nGall, seó ar leith i láthair le ceol, amhráin agus scéalta na hAlban agus Thír Chonaill. Ó chlé tá Gearóidín Breathnach, Gearóid Breathnach, Micheál Mac Maoláin, Marcus de Brús, Breandán Caomhánach, Clár Nic Shiúrtáin agus Anna Ní Dhuibh.

Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill

Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar


Ceolchoirm in Óstán na Trá 1

Clár 2

Míobhaigh 3

Albain - An Ceangal 8

Droichead na Maoile Ruaidhe 9

An Seó mór 11

Campa Samhraidh 13

Feadaímó 14

# Míobhaigh

*ar leanúint*



*Teach Dhonchaidh Phadaí Bhuaidhe*

Thíos faoi bhothán Eoghain, istigh ar do dheis bhí teach Dhonchaidh Phadaí Bhuaidhe. Teach galánta, aoldaite, ceann tuí a bhí anseo le radharc galánta den Mhaoil Ruaidhe agus d'Fhanáid, teach a bhí le feiceáil ar chártaí poist ar feadh blianta. Deartháireacha a bhí i nDonchadh agus in Eoghan, ar a bhfuil cur síos déanta air cheana féin. Cheannaigh Donchadh an teach seo thart fán am chéanna a cheannaigh Eoghan an teach agus ba theaghlach darbh ainm Harris a bhí ann roimhe sin. Bhí Donchadh pósta ar Sarah Ní Chuilinn as Dún Dubháin, deirfiúr do Willie James. Bhí Donchadh ag obair ar ghalfchúrsa Ros na Binne ina am agus cosúil le muintir an bhaile uilig chaith sé an chuid eile dá chuid ama ag iascaireacht agus ag obair ar an talamh. Radharc eile a bhí coitianta fán teach seo ná na cruacha breátha féir a bhíodh le feiceáil ar



chúl an tí. Fuair Sarah bás i 1944 agus fuair Donchadh bás i 1957.

Seisear clainne a bhí ag Donchadh agus Sarah; Johnny, Patrick, Sarah, Francie, Mary agus Madge. Bhí Madge pósta ar Mhicí Mac Giolla Bhríde (Micí Bhurns) as an Mheall Mhór agus bhí siadsan lonnaithe i Sasana. Bhí Mary pósta ar Phádraig Mac Giolla Bhríde (Pádraig Mháire Ned) as Doire a'Chasáin agus iad ina gcónaí i nGlaschú agus bhí Francie ina chónaí in St. Andrews in Albain. Tá siadsan uilig imithe ar shlí na fírinne anois. Bhí Sarah pósta ar Chonchur Ó Dufaigh as Baile an tSléibhe agus mac amháin a bhí acu, Dinis, atá ina chónaí ar an Mhuirleog lena bhean chéile Madge. Fuair Sarah bás sa bhliain 1973 agus í ina bean óg. Sa bhaile i rith an ama tá Johnny agus Patrick agus



*Ó chlé, ar chúl tá Patrick, Francie & Johnny agus chun tosaigh tá Madge, Sarah & Mary*

tá siadsan ina gcónaí anois i dteach úr a tógadh in aice leis an seanteach.

Is cuimhin leo a bheith ag freastal ar Scoil Cheann na Leargaidh nuair a bhí Annie Nic Giolla Choinnigh (Annie Bob) agus Bean Mhic an tSaoir as Baile na nGallóglach ag teagasc ann. Bhí páistí ó Dhoire a'Chasáin, ó na Dúnaibh agus ó na cottages i Ros na Binne agus Ceann na Leargaidh ann ag an am.

Nuair a bhí siad ina stócaigh ba ghnách leo siúl chuig na damhsaí i gCreamhghort agus ar an Chraoslach. Chaith Johnny babhtaí i nGlaschú agus i Manchester ina óige agus ansin sa bhaile ag obair ar an talamh. Bíonn garraí deas prátaí agus glasraí aige achan bhliain. Is cuimhin leis nuair a cheannaigh sé a chéad tharracóir, "cub" beag dearg, ó Den Mháire, bhí Den i ndiaidh ardú céime a fháil go dtí an Massey-Ferguson! Bhí bád aige fosta, punt beag, agus bhíodh sé ag iascaireacht gliomach agus súilíní óga agus ba ghnách leis Johnnie Logue a thabhairt amach go dtí na 'steamers' a bhíodh ag dul suas go dtí an



Johnny Ó Buaidh

mhuileann i mBaile na nGallóglach nuair a bhí Johnnie ag obair mar phíolóta. Théadh na bádaí sin suas le cruithneacht dhá uair sa mhí ag an am sin. Tá áit thíos cois farraige a dtarraingítí na bádaí beaga isteach ann am amháin agus tugtar "the boathouse green" uirthi.

Chaith Patrick trí bliana ag obair i Manchester áit a raibh siad ag leagan píopaí gáis ag an am agus bhí sé ag obair le daoine as an Pholainn, oibrithe maithe a deir sé. Tháinig sé abhaile ansin nuair a fuair a athair Donchadh bás i 1957 agus thosaigh sé ag obair ar ghalfchúrsa Ros na Binne, áit ar oibrigh sé ar feadh daichead bliain. Ba radharc coitianta a bhí



Patrick Ó Buaidh

ann na blianta sin nuair an bhí an seanóstán ansin, Patrick agus Hughie Rua as an Chloich Bháin a fheiceáil amuigh ó mhaidin go tráthnóna ag coinneáil an ghalfchúrsa sin néata agus slachtmhar agus is cinnte gurbh iad a bhí breá eolach ar a gcuid oibre agus gan fáil ar bith acu ar innill nua-aimseartha fé mar atá sa lá atá inniu ann. Ba le fear darbh ainm Catherwood an t-óstán ag an am agus bhí Patrick ag obair ann an lá a dódh an seanóstán i mí na Bealtaine, 1962. Am lóin a bhí ann agus is cuimhin leis Anna Hay ag rith isteach le hinsint dóibh. Is dóiche go raibh sé ina chuidiú go raibh an chuid ba mhó de na lóistéirí sa halla bia ag an am agus tugadh achan duine amach slán sábháilte ach is cuimhin le Patrick a bheith thuas ar dhréimire ag na seomraí leapa agus na lasracha ag dul amach fríd an díon. Foirgneamh galánta a



Seanóstán Ros na Binne

raibh an mhórchuid de déanta amach as adhmad, ba adhmad ar fad a bhí san aghaidh, agus de thairbhe sin cha raibh ina sheasamh ach na ballaí fá cheann uaire den tine toiseacht. Nuair a bhí achan rud thart tháinig an t-uisce beatha agus an beoir amach agus bhí siad ansin go dtí go raibh creatlach an fhoirgnimh reidh le titim orthu.

## Míobhaigh Íochtarach

Tá bealach cúng casta síos go Míobhaigh Íochtarach, áit álainn, shuaimhneach, fhoscaíoch ar imeall na mara. Bhí teach Robert Mhic Giolla Choinnigh (Robert Mhata) ar thaobh na láimhe



Seanteach Dhonchaidh ar chlé agus an teach úr lena thaobh.

deise nuair a shroichfeá deireadh an bhealaigh. Dhá dheartháir, baitsiléirí, a bhí sa teach seo, Robert agus Johnny. Ba leo an cuibhreann ina bhfuil an charraig ar a bhfuil na marcanna atá luaite agam sa chéad alt. Níl mórán eolais agam fá dtaobh dóibh ach amháin gur ghlac siad an triuch



*Míobhaigh Íochtarach*

(whooping cough) nuair a bhí siad ina seanfhir. Nuair a bhuaileadh racht casachtaí iad agus iad amuigh sa chuibhreann ag obair bhíodh orthu greim a fháil ar a chéile mar thacaíocht agus le faoiseamh a fháil.

Teach breá a bhí anseo uair amháin fosta. Níl a fhios agam cé a thóg é ach ba é Robert é féin a thóg na sciobóil agus na bóithigh thart air agus d'ardaigh sé an díon ar thaobh amháin de fosta. Bhí Matilda Wilson agus a deirfiúr Mary Jane as an Mhachaire Bhig ina gcónaí sa teach seo sna blianta deireanacha agus ba í Mary Jane an duine deireanach a bhí ann. Dúradh go raibh Matilda ag siúl amach le Johnny ar feadh blianta, blianta fada, ach níor phós siad ariamh. Cibé, is dócha go raibh



*Teach Robert Mhic Giolla Choinnigh*

eagla ar na mná seo stopadh leo féin san oíche ina seanaois agus nuair a bhog siad go Míobhaigh ar dtús ba ghnách leo dul ar ais abhaile achan lá. Is cuimhin liom fhéin m'athair síob a thabhairt dóibh ar ais go dtí'n teach ar an Mhachaire Bhig roimh a 12 a chlog oíche an daonáirimh (census) sa dóigh is go dtiocfadh leo an fhoirm a líonadh ina mbaile féin.

Fuair Matilda bás i 1974 agus bhí Johnny marbh roimhe sin. Fuair Robert bás i 1975 agus fuair Mary Jane bás i 1981. Bhí an teach seo druidte ansin. Ba ag mac de Mhary Jane, Jim Wilson, a bhí an áit ina dhiaidh sin ach fuair Jim bocht bás i mí Feabhra na bliana seo agus tá sé curtha sa reilig i gCarraig Airt.

Ar an taobh eile den bhealach bhí Teach Alick. Seanteach álainn a bhí anseo fosta le díon tuí. Sa teach seo bhí Alick Mac Giolla Choinnigh agus a bhean chéile Mary Moore. Ba fhíodóir a bhí in Alick agus fuair seisean bás sa bhliain 1918 ach bhí Mary thart fá 97 bliana d'aois nuair a fuair sise bás i 1956. Naonúr clainne a bhí acu, Cití a bhí pósta ar James Isaac i gCeann na Leargaidh agus a raibh cur síos déanta orthu san alt faoi Cheann na Leargaidh in Eagrán 20, Alec, Robert, Andy agus Thomas a chuaigh go Meiriceá, Willie a chur faoi i Sasana, Letitia a fuair bás ina hóige sa bhliain 1905, agus David agus Maggie a bhí sa bhaile i Míobhaigh Íochtarach. Tógadh Willie Óg, Polly agus Vera, clann Willie, sa teach seo fosta i



*Alec Mac Giolla Choinnigh*



*Andy Mac Giolla Choinnigh*

ndiaidh dá máthair bás a fháil i Sasana.

Tá cuimhne mhaith agam ar Mhaggie, bean chinéalta, chroíúil agus ba ghnách léi theacht ar cuairt ar a deirfiúr Cití agus ar a neacht, mo mháthair mhór Cassie, achan Domhnach. Fuair Maggie bás i mí Eanáir, 1970.



*Polly, Vera, Willie agus Maggie.*

Bhí David pósta ar Bella Doak as Creamhghort agus triúr de chlann a bhí acu, Mary, Frances agus Alice. Fear a bhí lán scéalta agus a bhí tugtha den ghreann a bhí in David. Chaith sé tréimhsí ag iascaireacht bradán agus an chuid is mó dá shaol ag obair ar an fheirm. I ndiaidh di a phósadh bhí Bella ag déanamh níocháin sa bhaile ar feadh tamaill don Bhantiarna Liatroma. Thagtaí go dtí an teach le bascaeid mhóra d'éadaí agus cha raibh meaisíní ar bith san am sin agus lena chois sin bhíodh uirthi é a smúdáil ansin, éadaí leapa, tuaillí agus achan chineál éadaigh.



Maggie Nic Giolla Choinnigh (Maggie Alick)

Bhíodh ar an teaghlach uilig cuidiú ar an fheirm agus is cuimhin le daoine Bella a fheiceáil ag treorú an bheithígh sa chuibhreann agus dar ndóigh bhíodh lá mór acu ar an fheirm agus meitheal ag obair acu nuair a bhíodh James Wilson ansin leis an inneall buailte.

Is cuimhin liom go fóill a bheith thíos ann agus mé i mo thachrán, ag dul isteach fá choinne an tae agus an tábla galánta a bheadh leagtha amach le achan sórt bácáil bhaile, cácaí, bonnóga, cístí spúinse agus subh, agus an seanchlog le cloisteáil ag ticeáil leis. Ní dhéanfaidh mé dearmad ach oiread ar an lá a tháinig mé trasna ar an siosúr agus ar an chíor amuigh sa seid bheag a bhí ag David. Thosaigh mé ag gearradh gruaige mo dhearthár Séamus agus níor fhág mé ribe dá bhuaicín air, agus seo laethanta roimh a Chéad Chomaoineach.

Fuair David bás sa bhliain 1974 agus cailleadh



Ina shuí, i lár an phictiúir tá David Mac Giolla Choinnigh agus ina shuí in aice leis, Charlie Mac Garbheith.

Bella i 1993. Maidir leis an teaghlach de, shocraigh Alice in Appleby sa "Lake District" i Sasana, áit a bhfuil sí go fóill, agus tá Frances pósta i nDoire. Chaith Mary traidhfil blianta ag obair i monarcha cniotála George Mhic Nuaidht i ndiaidh di an scoil a fhágáil agus ansin d'oibrigh sí i monarcha fíodóireachta Mhic Nuadht. Tá sí ina cónaí anois i dteach úr a tógadh ar chúl an tseantí agus coinníonn sí cearca agus lachain go fóill.

Ar an taobh eile de theach Alick bhí teach Jacob agus ba theach breá dhá stór a bhí anseo a thóg Tuathal Mac a'tSaoir. Sa teach seo bhí Jacob Mac Giolla Choinnigh agus a bhean chéile Jeannie. Ba de bhunadh mhuintir Peoples i Machaire Beag i Jeannie, deirfiúr de shean Johnnie Peoples. Bhí Jacob i gceannas ar ghalfchúrsa Ros na Binne agus de réir cosúlachta thiocfadh leis a bheith cancrach go leor. Ceathrar clainne a bhí acu,



Ó chlé chun tosaigh tá Bella agus David agus ar chúl tá Mary agus Frances.

Maggie, Luly, Tomsie agus Jacob. D'imigh Jacob óg go Meiriceá i 1927, bhí Tomsie pósta i gCúil Raithin agus bhí Luly pósta ar Edwin Hall in Achadh an Leataoibh. Fuair sean Jacob bás i 1950 agus fuair a mhac Tomsie bás thart fán am sin fosta. Jeannie agus Maggie a bhí sa teach ansin. Tá cuimhne mhaith agam ar Mhaggie, duine cineálta, gealgháireach a bhí lán craic agus bhí gairdín deas bláthanna os comhair an tí acu i gcónaí. Bhí ceann de na seanchloig acu ar crochadh sa chistin agus deireadh Maggie i gcónaí gur ceannaíodh an chlog sin, an bhliain a chuaigh an Titanic go tóin, 1912. Sna caogaidí pósadh Maggie agus Albert Moore, fear as Achadh an Leataobh a bhí ar shiúl i Sasana ar feadh blianta roimhe sin.

Fuair Jeannie bás sa bhliain 1970, cailleadh Maggie sa bhliain 1995 agus fuair Albert bás bliain ina dhiaidh sin. Teach saoire atá sa teach seo anois.



*Teach Jacob*

Tá ceithre theach eile sa bhaile fearainn seo anois. Sa chéad teach ar do thaobh chlé i Míobhaigh Uachtarach, tá Hilary agus William Mac Nuadht agus a gclann. Ba é athair William a cheannaigh an áit uaidh na Mooraigh. Ansin, faoi scáth Gháinne tá teach Helen agus John Mhic Nuaidht agus os cionn malaigh Chluain tSaileach tá teach Bhríd Uí Bhuaidhe (Bríd Eoghain), iníon John agus Nancy. Ar a chúl sin tá teach úr tógtha ag Dónal Mac Daibhéid as Cluain tSaileach agus a bhean chéile Pádraigín.



*Maggie Nic Giolla Choinnigh (Maggie Jacob)*

Bhuel seo anois scéal Mhíobhaigh agus tá mé cinnte go bhfuil daoine amuigh ansin ag léamh seo agus a d'fhéadfadh tuilleadh eolais a thabhairt dúinn. Má tá eolas breise agaibh bheadh muid iontach buíoch é a fháil mar gur seo stair an cheantair agus muna gcuirtear ar pháipéar é anois beidh sé caillte go deo. Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le Máire Mhic Giolla Bhríde, John Ó Buaidhe, Patrick agus Johnny Ó Buaidhe, Máire Nic Giolla Choinnigh, Robert Wilson, Nóirín Goulding, Donchadh Ó Dufaigh, Violet Uí Ghallachóir agus Róisín Fletcher a thug eolas dúinn faoi na daoine seo chomh maith le pictiúir.



*Ar chúl tá teach Mary Alick agus chun tosaigh tá bóithigh Robert Mhata le feiceáil ar chlé, seanteach Alick i lár agus teach Jacob ar dheis.*

Is furasta seanaibhleoga a lasadh

* * *

Níl sa náire ach mar a ghlactar é agus é a ghlacaint go réidh

* * * *

# Albain - An Ceangal

In am an Dáil Riada is saighdiúirí cróga a tháinig chugainn ó Albain. Níos déanaí arís tháinig na Gal-lóglaigh ag tarrtháil ar Ultaibh. Ag deire an naoú haois déag agus ag tús an fichiú aois, tháinig iascairí, cúipéirí agus ceannaitheoirí éisc chun na nDúnaibh agus is mór an tionchar a bhí acu ar an cheantar seo.

Tá Óstán Bhá na nDúnaibh suite ar an suíomh ar tógadh "An Bungalow" air a bhunaigh John Duthie as Albain, fear a tháinig anseo ag ceannacht scadán thart fá chéad bliain ó shin. Tógadh an Cúipéireacht san am chéanna, áit a rinneadh bairrillí fá choinne na scadáin. Tógadh an "John Duthie Memorial Hall" ina onóir, áit a mbeadh cruinnithe, basáir agus caitheamh aimsire de gach sórt sa tsean-am. Is ann a chonacthas lampaí "tilly" don chéad uair. Bhí sean amhrán a chum duine éigin as an áit ina raibh an líne – "The Tilly Lights were burning bright as we entered the Bazaar". Ansin nuair a tháinig meath ar thionscal na h-iascaireachta thosaigh muintir na nDúnaibh ag imeacht go tuaisceart na hAlban, go háirithe go Lerwick sna Shetlands le hobair ag na scadáin, áit a bhfuil cónaí ar chuid acu go fóill.

Sna blianta deireanacha, sin na blianta maithe nuair nach raibh in anás agus ocras ach caint na sean-mhuintire, na blianta maithe séanmhara saibhre sin, chuaigh muid go hAlban le siopadóireacht na Nollag a dhéanamh (sular thosaigh muid ag dul go Nua-Eabhrac!). Chuaigh muid fá choinne deire seachtainí le Highland Radio chuig coirmeacha ceoil. Chuaigh muid inár dtréada go Park Head le tacaíocht a thabhairt do Ghlaschú Celtic agus i rith an ama bhí muid ag dlúthú ceangal an chairdis a bhí eadrainn féin agus Albain. I ndeire na seachtóidí agus le linn na n-ochtóidí chonaic muid cuid mhór de mhuintir Dhún na nGall ag pilleadh lena gcuid teaghlach agus ag cur fúthu anseo. Míníonn sé seo daoibh an chúis atá le blas Albanach a bheith ar chaint lear den aos óg (meán-aosta anois b'fhéidir).

Ach oíche Mháirt is a chuaigh thart tháinig dream a theann an dlúth-cheangal eadrainn níos mó ná rinne iascaireacht nó peil, 's iad sin dream ceoltóirí as Albain



*Ag an cheolchoirm in Óstán na Trá*

atá ag coinneáil na teanga beo lena gcuid amhrán, a gcuid ceoil agus a gcuid scéalta. Ba bhreá an oíche a caitheamh in Óstán na Trá, áit ar chur siad ceolchoirm i láthair i gcuideachta le cúpla duine as ár gContae féin mar a bhí Gearóidín Breathnach, a mac Gearóid agus Breandán Caománach. Ba seo dream ar a dtugtar "Feis Cheann Loch Goibhle" a thagann faoi scáth "Feisean nan Gaidheal", a bhfuil sé d'aidhm acu teanga, cultúr agus ceol na hAlban a chothú agus a athbheochan agus teagmháil a dhéanamh le tíortha ceilteacha eile, le haontú leo i gceol, i gcaint agus i ndamhsa. Seo dream meidhreach bríomhar ceolmhar a bhfuil bean darbh ainm Christine Nic an tSaoir as Oileán Leódhas mar eagraí air. Tá Christine ina scéalaí iontach agus choinnigh sí a lucht éis-teachta faoi dhraíocht le scéalta na n-oileán agus is beag an difear atá eatarthu agus scéal-ta an Íochtair nó an Uachtair, an taobh thoir nó an taobh thiar – an sórt amháin coim-hlinte idir Leóbhas theas agus thuaidh, na scéalta grinn bunaithe ar an iomaíocht sin. Is in Argyle atá Christine lonnaithe anois agus shíl sí ós rud nach raibh Éire ach dhá mhíle dhéag ón Mull of Kintyre agus an teanga a labhairt ach ag dul i meath sa dá thír, gur mhaith an rud teacht le chéile. D'éirigh léi maoiniú a fháil ó "Homecoming 2009" scéim atá ar siúl in Albain agus ós rud é gur Naomh Colmcille an ceangal is mó atá idir an dá thír is air a bhunaidh siad an turas. Ní gá domh scéal Cholmcille a insint inniu. Tá trácht déanta ag an iomarca daoine cheana, ní a lúide Proin-sias Ó Cuilinn a scríobh agus a léirigh an dráma "Peaca Cholmcille" a ghnóthaigh gradam agus cáil ar a shon. 'Sea, chinn siad lorg Cholmcille a thriall. Thosaigh siad in Machaire Rátha i nDoire agus chuaigh siad ó na Dúnaibh go Gleann Cholmcille agus ansin ar ais go hOileán Í. Bhí Clár Nic Shiúrtáin ag seinm ar an mhéarchlár, Micheál Mac Maoláin ar an bhosca ceoil, Marcus Dé Brús ar an ghiotár, Breandán Caománach ar an fhliúit, Anna Ní Dhuibh ar an fhidil agus Gearóidín Breathnach agus a mac Gearóid ag canadh agus ag inse scéalta. Scéalaí agus amhránaí den scoth i Gearóidín agus is breá an ceoltóir é Gearóid fosta. Cuireadh grianghraif, de chuid Derek Prescott, d'áiteanna áille na n-oileán i láthair fhad is a bhí an ceolchoirm ar siúl agus chuir siad loinnir ghalánta ar an oíche.



*Christine Nic an tSaoir*

Oíche mhaith chraic, gháire, cheoil agus amaidí a bhí ann agus bhain an lucht éisteachta sult mór as. Tá súil agam go mbeidh neart oícheanta den sórt sin mar tá mise tinn tuirseach ag éisteacht fan "recession".

Finola Harte

# Droichead na Maoile Ruaidhe



Pictiúr ó Liam Mac Conaglaigh

Is iad leithinis Fhánada agus leithinis Ros Goill an dá leithinis is faide ó thuaidh sa tír, taobh amuigh d'Inis Eoghain, agus tá ceangal láidir idir an dá phobal le fada an lá. Is ait an rud le rá go raibh i bhfad níos mó cumarsáide idir an dá phobal roimh theacht an ghluaisteáin, nuair nach raibh an oiread forbartha ar an teicneolaíocht ná ar an bhonneagar agus atá sa lá inniu. Ach is dócha go mbeidh athrú scéil ann gan mhoill.

Tá carraig bheag thíos faoi reilig Mhíobhaigh, ar bhruach na Maoile Ruaidhe ar a dtugtar Leac a' Churaigh agus is cruthú cuimhnitheach é seo ar na laethanta ar ghnáth le cuid de mhuintir Fhánada a gcorpáin a thabhairt anall trasna na farraige le hiad a chur sa reilig seo. Is iomaí scéal a chuala muid uilig fá mhuintir Fhánada ag trasnú na Maoile Ruaidhe ina gcuid curach le móin a bhaint i bportaigh dheiscirt an pharóiste seo chomh maith. Chan an bealach amháin uilig a bhí an trácht ag dul, áfach, mar is iomaí scéal a chuala muid fá fhir óga as Ros Goill ag dul soir go Fánaid ar lorg cuideachta, ag damhsa, ar thóir lúthchleasaíochta, ag imirt peile agus ag suirí!

Cé go raibh mórán áiteacha ina dtiocfaí trasnú níos giorra a dhéanamh thar shruthanna chontúirteacha na Maoile Ruaidhe, bhí tús áite ag áit amháin, ba sin idir Ramhar Ros agus Leithead. Bhí cúpla cúis le seo: Ba áit straitéiseach í seo, i ngar do theach mhór an Tiarna Liatroma, Manorvaughan; bhí céidheanna tógtha sna háiteacha seo, ónar fhág gal-bhád an tiarna Liatroma ar a bhealach go Doire agus Glaschú, dhá uair sa tseachtain. Ní raibh tairbhe sna háiteacha eile, toisc go raibh pobal fánach iontu nó nach raibh siad cóngarach do shráidbhailte nó áiteacha ina raibh gnó ar bith ar siúl. Agus is mar seo a cuireadh tús leis an tseirbhís farantóireachta idir an dá leithinis.

De réir an Leifteanant Lancey agus é ag scríobh in Suirbhéireacht Ordanáis 1834 -35, *'The communication with Fanet is by the Ferry of Rawris. The ferryman pays 5£ per annum for the privelige of passing cattle and passengers over for which he is allowed to charge 4d a head for the former and 2d for the latter. Two boats are kept.'* (L. 147 "Mevagh Down the Years).

Sa bhliain 1835, tháinig fear darbh ainm Ó Donnabháin fhad le Leithead, i bhFánaid agus scríobh sé seo ina dhialann: *'Sheas muid anseo, ag déanamh achan sort comhartha, ar feadh dhá uair a' chloig, sula dtiocfadh linn aire na ndaoine ar an taobh eile a tharraingt orainn. Bhí muid ar maos idir an dá linn, de bharr na ceathanna troma a thit orainn. Sa deireadh, nocht fear as Ros Goill ar an trá os ár gcomhair agus cé gur aithin sé gur strainséirí a bhí ionainn agus go raibh fonn mhór orainn an báidh a thrasnú, bhí i bhfad níos mó fonn airsean a chuid coirce a shábháil. Ó ba rud é nach raibh an dara suí sa bhuaile againn, rinne sé neamh-aird ar fad dúinn, cé gur scairt muid go confach ina threo. Ansin tháinig bád beag aníos an chanáil le lasta móna ar bord agus nuair a chonaic mo dhuine muid ag scairtigh leis an bhád seo, chaith sé uaidh a speal, d'fhág sé a choirce ag an fhearthainn agus chuaigh sé i mbun na rámha faoi dheifir mhillteanach, ar eagla go gcaillfeadh sé luach a shaothair.'*

Níl mórán athraithe ar an nádúr daonna le cúpla céad bliain anuas!

Tá dlúth cheangal idir an t-ainm Mac Giolla Choinnigh agus an tseirbhís farantóireachta, mar ba iad a chuir an tseirbhís ar fáil ón chéad lá riamh go dtí an t-am ar críochnaigh sé sna 1960í. Ba sheirbhís ilchumasach é a d'iompair rud ar bith idir litreacha, dhaoine, mhóin is mhuca! Dhíol Oifig an Phoist, Carraig Airt trí scilling déag sa bhliain fá choinne na pribhléide an bád a úsáid achan lá mar go ndeachaigh fear a' phoist go Fánaid leis an phost fosta. Tá cuimhne mhaith ag Colm Ó Buaidhe as Carraig Airt ar é ag dul

soir go Fánaid ar an bhád agus é ag tabhairt teileagraim fhad le Glinsce. Fuair Máire Bean Mhic Eiteagáin as na Dúnaibh a céad post i Scoil Bhaile Uí Shírín i bhFánaid agus is cuimhin léi dul ar an bhád corr Dhomhnach agus filleadh an bealach céanna achan Aoine.

Labhraíonn Mícheál Ó Griobhair as an Mhaol Rua faoi 'Lizzie the Boat' agus í ag rámhaíocht anonn is anall agus í os cionn na ndeich mbliana agus trí scór! Deir sé gur ghnáth le muintir Fhánada a gcuid ainmhithe a shnámh ar chúl an bháid ar téad agus iad ar a mbealach go dtí an aonach i mBaile na nGallóglach. Ba ghiorra agus b'fhusa dóibh sin a dhéanamh ná siúl thart ar an bhealach mhór. Deir sé nár shnámh na muca, áfach, mar bhí contúirt ann go ngearrfadh siad a sceadamáin lena gcrúba féin.

Bheadh dul amú ar dhuine ar bith a shílfeadh gur obair réidh a bhí sa rámhaíocht seo, toisc nach raibh ann ach 340 meadar, mar a shíl mé féin, tráth. Bheadh ar fhear nó ar bhean an bháid, an bád a aimsiú i dtreo pointe i bhfad ó dheas nó i bhfad ó thuaidh dá gceann scríbe ag brath ar cé acu an raibh an taoide ag líonadh nó ag trá agus ansin ligint don mhear-shruth iad a iompair isteach 'na chladaigh. Bheadh aistear de leath mhíle, ar a laghad, in achan thrasnú nuair a chuirtí achan rud san aireamh!



Seo pictiúr de Ruby McElhinney nó McCloy a hainm pósta, agus ba é a teaghlachsa a bhí i mbun na seirbhíse. Leoga, bhí sí i mbun na rámha í féin ina lá, agus tá bród thar cuimse uirthi maidir lena teaghlach a rinne freastal fada agus dílis ar mhuintir an dá phobal ar feadh na nglúnta. Ba dheas dí bheith i láthair ag an ócáid shuntasach a bhí ann le gairid nuair a rinneadh an droichead a oscailt go hoifigiúil.

Maidir le bádaí rámhaíochta, is beag athrú atá ar an chóras a bhí i bhfeidhm sna meánaoiseanna agus an córas a bhí ag dul sna 1960í. Chuirfeadh an smaoineamh rómánsach sin duine ag machnamh go mór faoin tsean- am.

Ní raibh ach cúpla céad slat idir an áit a d'fhág an bád agus Teach Mór an Tiarna Liatroma ach bhí sé de dhánacht ag fear de na fir a mharaigh an Tiarna Liatroma, filleadh go Fánaid ar an bhád farantóireachta, agus na péas go géar sa tóir ar na feallmharfóirí! Chuaigh Mícheál Ó hOireachtaigh go dtí Tobar a' Dúin, díreach i ndiaidh an dúnmharaithe, chun ailibí a chumadh dó féin agus ba ar a bhealach abhaile a rinne sé an darna gníomh dána seo.



*An Bád farantóireachta ag Ramhar Ros*
Tabhair fá dear na mná i mbun na rámhaíochta sa ghrianghraf seo a glacadh sna 1890í.

Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Cad é atá againn ar an láthair seo anois ach an droichead ollásach seo ar a dtugtar Droichead Anraoí Bléine, a d'oscail An Taoiseach Brian Ó Cobhain, T.D. ar an 15ú Bealtaine 2009. Níor fhás sé ansin, ar ndóiche, ná ní de thaisme a tharla sé a bheith ann ach oiread. Nuair a bhí an rialtas san fhaopach le linn na naoi déag nóchaidí, bhí cothromaíocht na cumhachta ag roinnt teachtaí Dála neamhspleácha, Anraoí Bléine ina measc agus is cosúil go ndearna sé margadh leis An Taoiseach Bertie Ahern ar son a chuid tacaíochta. Is de bharr an mhargaidh seo a sheasann an droichead úr anseo inniu.

Is struchtúr mórthaibhseach é an droichead starrmhaide (cantilever) seo atá 340 meadar ar fhad agus 6,000 meadar ciúbach stroighin ann, sé sin an méid céanna agus 1,000+ leoraí stroighin. Tá 4,000 meadar de shaothar draenála ann agus 20,000 meadar cearnach de dhromchla bóthair ann chomh maith. Tá sé an airde chéanna le foirgneamh seacht stór agus téann an réise droichid seo thar chaolas chontúirteach ina bhfuil sruth millteanach gasta ag reáchtáil. Tá mór-éilimh ar an droichead cheana féin ón dá phobal agus rian



na tairbhe le feiceáil sna siopaí agus sna tithe gnó i gCarraig Airt. Is cosúil go mbeidh sé ina cheangal thábhachtach idir Ghaeilgóirí Ros Goill agus Fánaid fosta mar, i gcásanna mar seo, is fearr aontú ná deighilt i dtólamh.

Mar a dúradh cheana, bíonn sruth gasta ag reáchtáil i mBá na Maoile Ruaidhe. Is é 2.13 meadar sa soicind, nó 5.47 míle san uair, an gnáth luas atá leis an sruth seo ach in am rabharta, bíonn luas 9 muirmhíle san uair leis an sruth líonta agus 14 muirmhíle san uair leis an sruth trá ag an Dara Caolas! Ciallaíonn seo go bhfuil an t-uisce ag sileadh ag 10.35 míle san uair agus 16.1 míle san uair, ag braith ar cé acu ag líonadh nó ag trá ata sé. Éalaíonn 33,000,000 lítear uisce achan bhomaite ag an phointe seo! Ní dhéanfadh sé dochar ar bith do lucht ginte an leictreachais nóta a dhéanamh do chuid de na staitisticí seo.

An chéad uair eile a bhíonn tú ag tiomáint nó ag siúl nó ag rothaíocht thar dhroichead na Maoile Ruaidhe, b'fhéidir go dtabharfadh an cuntas beag seo ábhar suime agus ábhar machnaimh duit agus tú ar do bhealach.

*Caoimhín Mac a'Bháird*

## An Seó Mór

Seo grianghraif a glacadh nuair a chuir na páistí atá páirteach sa Tionscnamh Pleanála Teanga an dráma "Balor an Drochshiúl i láthair i gColáiste Ros Goill ar 18 Meitheamh. Bhí an scéal seo bunaithe ar mhiotaseolaíocht na tíre, go háirithe tuaisceart na tíre agus Balor an Drochshúil. Bhí achan sórt ann; na Tuatha Dé Dannan, na Fomhóraigh, síoga, troid agus ceiliúradh, damhsa agus ceol. Tá moladh mór tuilte ag na háisteoirí seo a chur seó iontach i láthair agus ag a dtui-smitheoirí a chuidigh ar chúl stáitse ar an oíche agus a chuidigh sna seachtainí roimhe leis an chleachtadh, leis na culaithe agus leis an fhearas stáitse. Scoth oíche.







# An Seó Mór















# Campa Samhraidh Chéim Aniar



Seo thuas páistí a ghlac páirt i gCampa Samhraidh Chéim Aniar ó 6 - 10 Iúil in Ionad CLG na nDúnaibh. Bhí an campa a reáchtáil go h-iomlán trí mheán na Gaeilge agus bhí an t-ádh orainn arís i mbliana gur mhair an aimsir mhaith i rith na seachtaine. I measc na n-imeachtaí bhí peil, tarraingt téide, ealaíona agus ceardaíocht, tráth na gceist, comórtas tógáil caisleán, tóraíocht taisce, amhránaíocht, agallaimh beirte agus dánta agus chuir na páistí seó beag i láthair ar an Aoine. Beidh an chéad champa eile againn ó 17 - 21 Lúnasa.












# Feadaímó

Shuigh Feadaímó le taobh Dhomhnaill ar an chairt agus seál mná ar a chloigeann.

Bhí sé náirithe ach ní raibh neart air. Bhí sé fostaithe mar thiománaí bó le táin a d'fhág Leitir Ceanainn agus a bhí ar an bhealach go Doire. Sular fhág siad an mhaidin sin mhínigh an grásaeir dó fá phlean a bhí aige le deireadh a chur le réim na ngadaithe a bhí a chéasadh achan uair a chuaigh sé bealach Dhoire le táin. "Is í an fhadhb is mó atá agam ná go bhfuil i dtólamh níos mó gadaithe ná tiománaithe.

Anois, ní hé nach bhfuil mo chuid tiománaithe ábalta troid, mar tá, ach níl a fhios agat a choíche cá háit a bhfuil an luíochán leagtha amach romhat. Níl a fhios agat ach oiread cé acu ionsaí lae nó ionsaí oíche atá pleanáilte acu. Cóir uair déanann siad níos mó ná ionsaí amháin ort. Glacann sé dhá lá fhada le dul a fhad le Doire le táin. Ní féidir níos mó ná dhá mhíle dhéag a dhéanamh sa lá ar thuras mar seo nó cha bheadh greim fágtha ar chnámha na mbó agus tú i nDoire.

Bíonn idir seacht agus naoi scór d'ainmhithe liom agus glacann sin sé thiománaí, beirt acu ar chapaill, agus ansin mé féin ar an cháirt leis an bhia agus na blaincéid oíche."

"Cad chuige nach nglacfá tuilleadh tiománaithe leat?" arsa Feadaímó. Chroith Domhnall a ghuaillí. "Níl sé chomh furasta sin, a ghasúir. Tá rudaí teann go leor agus d'ardódh sin na costais domhsa. Fosta tá sé doiligh tiománaithe cearta a fháil. Tá eagla an domhain orthu roimh na gadaithe. Maraíodh triúr fear ormsa le dhá bhliain anois agus níl a fhios agam cá mhéad eile a gortaíodh go holc. Tá a fhios agam go bhfuil beirt nach siúlfaidh coiscéim eile." D'amharc Feadaímó air le hiontas. "Cad é fá shaighdiúirí an rí, nár chóir dóibh a bheith do chosaint?" Thosaigh Domhnall ag gáire. "Na saighdiúirí. Ba chuma sa diabhal leo. I dtaca leis na saighdiúirí de is é seo Gaeil in éadan Gaeil. Nuair atá táin de chuid na bProtastúnach ar an bhealach cha dtéann gadaí ar bith a chor. Tá a fhios agam go bhfuil gunnaí ag na Protastúnaigh ach tá níos mó ná sin i gceist. Sílimse go bhfuil an Colonel i Leitir Ceanainn ag fáil a chuid íocaíochta féin ó na gadaithe. Colonel Albertson atá air agus is bastard ceart atá ann. Más féidir leis rudaí a chur bun os cionn ar na Gaeil déanfaidh sé sin. Níl trócaire de shórt ar bith ann. Chrochfadh sé tú ar leithscéal ar bith.

"Albertson?" arsa Feadaímó. "Tháinig mise trasna ar an bhoc sin roimhe. Captaen a bhí ann ag an am. Tuigimse caidé atá tú ag rá. Níl deifre ar bith orm casadh leis arís."

"Ná bí buartha, níor casadh ormsa é am ar bith a raibh táin ar an bhealach, agus nach sin an fhadhb," arsa Domhnall.

Bhain Feadaímó an seál dena chloigeann. "Lorda, tá mé leath-phlúchta ag an rud seo, caithfidh mé…."

Bhris Domhnall isteach air. "Cuir sin ort arís go tapaigh," a dúirt sé. "Millfidh tú an plean iomlán muna bhfuil tú cúramach." Má fheiceann na gadaithe fathach cosúil leatsa i do shuí le mo thaobh, b'fhéidir nach ndéanfadh siad ionsá ar bith orainn." "Rinne mé dearmad," arsa Feadaímó. "Níl a fhios agam cad é'n dóigh a dtig le mná a leithead a choinneáil orthu samhradh is geimhreadh."

Chuir sé an seál ar a chloigeann arís agus d'amharc sé amach roimhe ar an táin. Bhí fear amach chun tosaigh ar chapall agus fear eile ar chapall ag bogadh thart achan áit a raibh cuidiú a dhíobháil. Bhí beirt ar chúl an táin agus fear ar achan taobh agus bhog siad ar aghaidh gan mórán buartha. Ní raibh mórán tithe le taobh an bhealaigh ach bhí go leor acu le feiceáil sna gleannta áit ar bith a raibh píosa de screabán agus áiteacha a raibh foscadh de shórt ar bith ón ghaoth aniar aduaidh. Chonaic sé daoine bratógacha ina sheasamh sna doirse ag coimhéad agus corr uair thógadh duine lámh fháilte leo ach den chuid is mó, na daoine a casadh orthu ar an bhealach, thug siad an bóthar don táin agus choinnigh siad ag dul á mbealach féin. Cé gur talamh maith feirmeoireachta a bhí le feiceáil in achan aird d'aithin Feadaímó go raibh an bhochtanas níos teinne anseo i measc na nGael ná mar a



bhí sé cois farraige. Bhí droch chuma amach ar thithe na ndaoine agus ar an chuid is mó acu bhí an tuí réidh le titim. Ansin thuas ar na harda agus sna háiteacha deasa, cois le Loch Súaille, bhí tithe na boic mhóra le feiceáil. Chan tuí a bhí orthu siúd ach sclátaí, iad uilig aoldaite le sciobóil fhlúirseacha thart orthu. "Thit saol na nGael, a Dhomhnaill," a dúirt sé, "ach, is in amanna mar seo a tchíonn tú caidé chomh fada síos is a chuaigh siad."

"Leoga," arsa Domhnall, "níl an bun sroichte go fóill ag na Gaeil. An cruachás a fheiceann tú romhat sna botháin sin, a ghasúir, chan a dhath sin le taobh a bheith caite le taobh an bhealaigh mhóir, agus tarlaíonn sin minic go leor." "Ó, leoga, tá a fhios agam," arsa Feadaímó, "nach raibh an trioblóid chéanna thíos againne cúpla bliain ó shin nuair a rinne an tiarna talún iarracht mhuintir an Mhill Mhóir uilig a chaitheamh as seilbh." "Chuala mé rud inteacht faoi sin," a dúirt Domhnall. "Sheas sibh in éadan na mbáillí nach ndearna? An raibh tusa páirteach sa racán sin, a dhiúlaigh?" "Bhí, arsa Feadaímó, ach bhí an t-ádh linn. D'fhéad scéal eile ar fad a bheith le hinsint againn." "Bhail," arsa Domhnall, "bhí an bua libh agus tusa an sórt duine a bheas a dhíobháil ar an turas seo. Coinnigh thusa an seál ort go dtí go dtagann an ionsaí." "Inis seo domh, a Dhomhnaill," arsa Feadaímó agus é ag amharc thart. "Dúirt tú go raibh coróin don fhoireann ar achan ghadaí a gheobhaimid greim orthu. "Tá sin fíor," arsa Domhnall. D'amharc Feadaímó air. "Cá rachfá le príosúnach den tsórt sin má tá na hÚdaráis i d'éadan? "Ceist mhaith agat agus freagair níos fearr agamsa, a ghasúir," arsa Domhnall. "Chan chuig na hÚdaráis a bheas mise ag dul leo má bheireann muid ar aon duine acu. Tá cara de mo chuid i nDoire agus tá cineál socraithe déanta aige le cabhlach na Breataine le fir a bhailiú dóibh. Anois, níl an gnó chomh maith is a bhí sé cúpla bliain ó shin agus Napoleon ag trampáil thart ach go fóill bíonn leisce ar fhir a dhul isteach sa chabhlach mar is saol iontach crua atá ann. Fosta bíonn na bádaí seo ag dul thart ar an domhan uilig agus b'fhurasta dó na mairnéalaigh galar a phiocadh suas, go hairithe sna hIndiacha Thiar. Tá an malá-

ire ag déanamh scrios millteanach ar mhairnéalaigh agus ar shaighdiúirí amuigh ansin. Tugann an fear seo fir don chabhlach agus glactar leo gan ceisteanna ar bith.”

“Bhí iontas go bráth ar Fheadaímó. “Kidnappers?” a dúirt sé agus a ghlór ag ardú.

“B’éigean domhsa m’athair féin a shábháil ar na boic sin. B’iomaí fear maith ó cheantar s’agam fhéin a tógadh agus iad amuigh ag iascaireacht. Tá fuath ag muintir s’againne ar na diabhail sin agus char mhaith liomsa baint ar bith a bheith agam leo. Déanfaidh mise mo bhealach féin go Doire,” agus bhí sé ar tí léimeadh den chairt.

Tharraing Domhnall na srianta. “Woah, a scairt sé, agus d’amharc sé ar Fheadaímó. “Tá tú óg, a ghasúir agus tá cnapán le foghlaim agat go fóill ach ná déan cinneadh mar sin gan smaoineamh ar bith a chur isteach ann. Anois, tá gadaithe amuigh ansin ag fanacht le hionsaí a dhéanamh ar an táin seo. Is cuma sa diabhal leo, cé acu marbh nó gortaithe a bheas na tiománaithe ina ndiaidh. Níl dlí ar bith againn le muid fhéin a chosaint orthu agus muna ndéanann muid a dhath ach iad a scaoileadh saor beidh na boic cheanna ag feitheamh orainn an chéad lá eile. Inis thusa domhsa cad é atá contráilte le boic mar sin, boic a bhaigheann muid orthu ag déanamh an gníomh, a chur as an tír seal.” “Smaoinigh Feadaímó ar seo tamall agus nsin dúirt sé, “maith go leor, má gheobhann muid greim orthu ag déanamh na gadaíochta is dóiche go mbeidh muid ag déanamh gar don cheantar a leithéid a ghlanadh amach.” “Sin an dóigh,” arsa Domhnall, anois, bí coimhéadach ó seo amach mar tá muid i dtír s’acu anois.” Shuigh Feadaímó go socair ina ndiaidh sin ag coinneáil súil amach ach ag an am céanna é ag baint sult as radhairc na coigríche úire seo.

Anois is arís chuir sé a lámh ina phóca, áit a raibh leathdhosaen de chlocha bheaga mhíne dona thabhall. Choinnigh sé an tabhall céanna ina phóca achan áit a deachaigh sé ó bhí sé ina ghasúr. B’iomaí coinín agus colm a chuaigh i bpota de bharr ábaltachta Fheadaímó leis an tabhall. Thug sé sásamh dó anois in am na contúirte go raibh sé leis. Fosta, bhí bata mór draighean faoina chosa aige a chur leis an sásamh sin agus bhí sé ag súil go bhfaigheadh sé deis úsáid a bhaint as.

Stad an táin le taobh abhann agus lig siad do na bá deoch a fháil agus scíste a dhéanamh. Tháinig na tiománaithe, fear i ndiaidh an fhir eile, chuig an chairt le buidéal de bhaine géar agus le huibheacha

a fháil. Cha raibh mórán de chomhrá uathu agus choinnigh siad uilig greim ar a mbataí draighin. D’aithin Feadaímó go raibh teannas san aer. Char chuir siad am ar bith amú ag ithe agus chuaigh siad ar ais san áir a raibh siad thart ar an táin. Dar le Feadaímó nach raibh craic ar bith leis na tiománaithe agus dúirt sé sin le Domhnall. “Chan anseo do chraic atá siad, arsa Domhnall. Tá teaghlaigh acu uilig agus níl a fhios ag fear ar bith a bhíonn le táin ar an bhealach seo, cé acu tchífidh sé a bhaile féin arís nó nach bhfeicfidh. Dá mbeadh rogha acu is dóiche nach mbeadh siad anseo, ach níl. Ba seo an t-aon modh maireachtála atá acu. Obair mhaith a bhí ann am amháin ach tá sé contúirteach anois ceart go leor.” Shuigh sé ar an chairt arís agus lig sé scairt as. Bhog an táin ar shiúl ón abhann agus lean siad ar aghaidh i dtreo chathair Dhoire.

Mhínigh Domhnaill do Fheadaímó an modh oibre a bhí ag na gadaithe. “Níl a dhath casta fá dtaobh de,” a dúirt sé. “Tagann siad isteach le rása ag tógáil calláin, b’fhéidir seachtar nó ochtar acu, agus is na tiománaithe aonaracha amuigh ar na taobhanna is mó a bhíonn i gcontúirt ag an am seo. Is ar na taobhanna a choinním na fir is fearr agus is cuma cén taobh ar a dtagann an ionsaí caithfidh an fear sin a fhód a sheasamh go dtí go bhfaigheann an bheirt ar na capaill a fhad leis. Bomaite i ndiaidh sin beidh me fhéin is an bheirt fhear cúil i lár an racáin. Caithfidh an fear ar an taobh eile fanacht leis na bá mar is minic a thagann ionsaí ón dá thaobh. Is é an rud atá siad ag iarraidh a dhéanamh ná leathdhosaen nó mar sin de ainimhithe a scaradh amach ón táin agus iad a glacadh leo. Má éiríonn leo sin a dhéanamh tá na hainimhithe caillte mar cha dtig linne dul sa tóir orthu mar bheadh an táin scaipthe achan áit. Má tharlaíonn sin agus má theann na ba isteach ar cuid tailte an tiarna talún chan fhaighfeá iad ar ais. Mar sin de, tá sé tábhachtach go bhfaighimid lámh an uachtair orthu chomh tapaigh is is féidir.” Shuigh Feadaímó an chuid eile den lá ag smaoineamh ar dhóigheanna a thiocfadh leis cosaint a thabhairt don táin.

Le clapsholas tháinig an fear tosaigh chucu ar a chapall. “An bhfuil muid ag stopadh san áit chéanna, a Dhomhnaill,” a dúirt sé.

“Tá, a Sheáin, tá sé go réidh againn. Bíonn an buachailleacht níos fusa sa ghleann sin agus tá neart uisce agus féar do na ba.

D’imigh Seán agus lig sé fead as. Chuaigh sé amach chun tosaigh ansin agus lean an táin é isteach i ngleann beag ina raibh sruthán ag caismirneach agus shocraigh siad na hainimhithe ansin. Chuaigh an bheirt cúl de na tiománaithe i dtreo na n-ardán ar chlé is ar dheis le súil a choinneáil ar an áit. “Beidh tú ábalta an seál sin a chaitheamh duit sar i bhfad,” arsa Domhnall le Feadaímó. “Beidh sé dorcha gan mhoill is ní fheicfidh….” Stad sé i lár na habairte mar chuala siad an scread uafásach ón ardán ar chlé. Thosaigh na búireanna agus chonaic siad scaifte ag déanamh ionsaí ar an tiománaí ar an ardán. “Sin na bastards,” arsa Domhnall. “Bhí siad ag feitheamh orainn.” Léim Feadaímó ón chairt agus rith sé i dtreo na troda.

Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.

*Proinsias Ó Cuilinn*



Seo pictiúr de na Dúnaibh ón ché, a ghlac an grianghrafadóir Derek Prescott a bhí anseo le muintir na hAlban an tseachtain is a chuaigh thart.




Mánas Mac Pháidín, Dumhaigh, a rugadh sa bhliain 1811 agus a gharmhac Mánas - (Mánas Hughie Mhánais) a fuair bás roinnt blianta ó shin.

**AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA**
**Camas, Conamara.**
**Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155**
**eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com**

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta